Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9167/18**

**COLAC 32**
**CFSP/PESC 466**
**RELEX 450**
**COPS 170**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9161/18 COLAC 31 CFSP/PESC 465 RELEX 447 COPS 166 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Veiniséala, arna nglacadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 28 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE VEINISÉALA

1. Meabhraítear don Aontas na ráitis uaithi roimhe seo maidir le Veiniséala, go háirithe an dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar an 22 Bealtaine.

2. De bharr ar tharla i Veiniséala le gairid, is faide uainn ná riamh an fhéidearthacht go dtiocfar ar réiteach caibidlithe bunreachtúil lena n-áireofar urraim don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine.

3. In ainneoin gur minic a lorg gníomhairí polaitiúla náisiúnta, agus an comhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, toghcháin ar bhonn féilire toghcháin chomhaontaithe agus ráthaíochtaí lena bhféadfaí toghcháin chuimsitheacha inchreidte a áirithiú, tionóladh toghcháin Uachtaránachta mar aon le toghcháin réigiúnacha ar an 20 Bealtaine sularbh éigean, gan aon chomhaontú i ndáil leis an dáta ná leis na coinníollacha, agus in imthosca nár ceadaíodh iontu rannpháirtíocht na bpáirtithe polaitiúla go léir ar shlí chomhionann.

4. D'fhág an laghdú suntasach a tháinig ar an bhféilire toghcháin, toirmisc agus dúshláin mhóra eile roimh rannpháirtíocht pháirtithe polaitiúla an fhreasúra agus a gceannairí, mar aon le neamhurramú na n-íoschaighdeán daonlathach mar a léiríodh, de réir na dtuairiscí, sna neamhrialtachtaí iomadúla, go sonrach an mhí-úsáid fhorleathan a baineadh as acmhainní stáit, an comhéigean a rinneadh ar lucht vótála agus an rochtain neamhchothrom ar na meáin - d'fhág sé sin ar fad nach raibh na toghcháin saor ná cothrom.

5. Ar na cúiseanna sin, bhain easpa iomlán inchreidteachta leis an toghchán gona thoradh nár áirithigh an próiseas toghchánach na ráthaíochtaí riachtanacha i ndáil le toghcháin chuimsitheacha dhaonlathacha. In éagmais na ráthaíochtaí sin, cuireadh bac ar an Aontas pleanáil de chineál ar bith a bhain le breathnóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas toghchánach i ndáil le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil gá le toghcháin shaora, thrédhearcacha lena n-áireofar urraim do rialacha bunreachtúla Veiniséala.

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an tAontas go dtionólfaí toghcháin uachtaránachta úra i gcomhréir leis na caighdeáin dhaonlathacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus le hord bunreachtúil Veiniséala. Sa chomhthéacs sin, gníomhóidh an tAontas go mear, i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe, agus é mar aidhm aige bearta sriantacha breise spriocdhírithe agus inchúlaithe a chur i bhfeidhm, nach ndéanfaidh dochar do mhuintir Veiniséala, ar mian leis an Aontas an t-anró atá á fhulaingt acu a mhaolú.

7. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil gá le haitheantas agus urraim a thabhairt don ról agus don neamhspleáchas atá ag gach institiúid a toghadh go daonlathach, go háirithe an Tionóil Náisiúnta, agus gur gá na príosúnaigh pholaitiúla go léir a scaoileadh saor, an smacht reachta a urramú agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú.

8. Is mian leis an Aontas leanúint den obair atá ar bun aige leis na páirtithe leasmhara ar fad i Veiniséala, agus athdhearbhaíonn sé a chairdeas agus a thacaíocht do mhuintir Veiniséala. Tá an tAontas réidh chun cabhrú le teacht ar bhealach daonlathach chun an ghéarchéim ilghnéitheach is déanaí a scaoileadh, trí chaibidlíocht chuiditheach a bheidh dírithe ar thorthaí a bhaint amach de mheon macánta a chuimsíonn gach gníomhaí polaitiúil ábhartha i Veiniséala. Chuige sin, cuirfidh an tAontas feabhas ar an gcaidreamh taidhleoireachta atá idir é agus gníomhaithe eile, idir náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta, ag aithint di go háirithe na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Stáit sa Mhuir Chairib, a bhfuil cúnamh agus tacaíocht á dtairiscint acu i ndáil leis an bpróiseas chun an ghéarchéim a shárú i Veiniséala.

9. Is cúis mhór imní don Aontas riachtanais dhaonnúla phráinneacha an phobail, lena n-áirítear an-chuid saoránach Eorpach atá ina gcónaí sa tír, rud nach foláir aghaidh a thabhairt air, ar bhonn práinne. Is ag dul in olcas atá an ghéarchéim agus mórimirce mar thoradh ar an ngéarchéim sin, a chruthaíonn dúshláin do na pobail óstacha agus don chobhsaíocht réigiúnach. Iarrann an tAontas ar rialtas Veiniséala gníomhú gan mhoill d'fhonn tionchar na géarchéime a mhaolú.

10. Déanfaidh an tAontas gach dícheall dlús a chur leis an tacaíocht a thugann sé do mhuintir Veiniséala, mar aon leo siúd i dtíortha comharsanachta, lena dtacaítear le cuimsiú socheacnamaíoch mhuintir Veiniséala agus le teacht aniar na bpobal óstach.